

Sobal

NUACHT | CULTÚR | SAOL

Gradaim Leabhar na hÉireann



Lch 4

Aistear an fhéin-chúraim

Labhraíonn Laura Martyn ó Dara Mats faoina gnó ag dearadh mataí ióga

Lch 3

Cuireann Comhairleoirí Chonamara tús le cruinnithe lán-Ghaeilge

Bill Breathnach

Lá stairiúil a bhí ann i Halla an Chontae Dé hAoine seo caite, áit ar cuireadh tús le cruinnithe trí mheán na Gaeilge do Cheantar Bardasach Chonamara.

Bhí sé beartaithe ag an gComhairleoir Pádraig Joe Joe Mac an Iomaire (FG) - atá mar chathaoirleach ar Cheantar Bardasach Chonamara - go reáchtálfar gach cruinniú áitiúil trí Ghaeilge le linn a thréimhse mar chathaoirleach.

Is fo-chuid de Chomhairle Chontae na Gaillimhe é Comhairle Bardasach Chonamara agus tá gach comhairleoir contae a thoghtar

i gConamara Thuaidh agus Theas mar chuid den chomhairle seo freisin.

I measc na naonúr comhairleoirí chontae atá lonnaithe i gceantar Chonamara, tuigtear go bhfuil Gaeilge líofa ag cúigear acub.

Mar sin, bainfear úsáid as seirbhís aistriúcháin i Halla an Chontae le go mbeidh an ceathrar eile gan Ghaeilge in ann páirt a ghlacadh sna cruinnithe.

Ina theannta sin, cuirfear na miontuairiscí ó na cruinnithe seo ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon.

Dúirt an Comhairleoir Mac an Iomaire



gur theastaigh uaidh go mbeadh na cruinnithe seo ar siúl trí Ghaeilge ón uair a toghadh mar chathaoirleach é, mí an Mheithimh.

Thug sé le fios freisin gur thacaigh na stiúrthóirí an chomhairle leis an smaoineamh a chur ar bun nuair a lab-

hair sé leo faoi anuraidh.

Ag labhairt dó leis an bhfoilseachán seo, dúirt an Comhairleoir Mac an Iomaire, go mbíonn cruinnithe den chineál seo trí Ghaeilge ar siúl i nDún na nGall agus i gCiarraí freisin agus go raibh sé "náireach" nach raibh sé á dhéanamh le comhair-

leoir as Conamara go dtí seo.

"Táimid sa nGaeltacht is mó. Feicim go bhfuil sé náireach nach raibh muid ag déanamh cruinnithe Chonamara," a dúirt sé.

"Táimid chun chuide cruinniú a dhéanamh go deireadh mo théarma

mar Chathaoirleach ar Chonamara i nGaeilge."

Mhínigh an Comhairleoir freisin go gcaithfear na cruinnithe seo a reáchtáil i Halla an Chontae.

"Caithfidh na cruinnithe a bheith istigh sa gComhairle Contae, tá seomra beag ansin is tá chuide shórt acub le na rudaí seo a dhéanamh. Ach dá mbeadh muid ag dul amach faoin tír bheadh fadhb a'ainne," a dúirt sé.

Dúirt Mac an Iomaire freisin go raibh dóchas air go leanfar leis an nós na cruinnithe ceantair seo a reáchtáil trí mheán na Gaeilge sa toadhchái am ar bith atá duine le

Gaeilge líofa tofa mar chathaoirleach do cheantar Chonamara.

"Tá súil a'am go bhfanfaidh sé ar an gcaoi sin, go mbeidh comhairleoirí a bheas ann in ann labhairt i nGaeilge, is go mbeidh aistriú ann i gcónaí," a dúirt sé.

"Tá Máirtín Lee ag dul isteach mar an chéad duine eile mar chathaoirleach agus tá Gaeilge bhréa ag Máirtín."

I measc na n-ábhar a bhí á phlé ag an gcrúinniú Dé hAoine seo caite, luadh an buiséad €10.9 milliún don cheantar agus fadhbanna a bhaineann le fála cois bóthair nach bhfuil á ghearradh.

D'fhoghlaim mé cén chaoi le bheith i mo Bhéar Grylls ag an Oireachtas



Bill Breathnach
Eagarthóir Sobal

Tá Oireachtas na Samhna faoi lán seoil arís i mbliana. Yahú! Ar ndóigh, baileoidh na sluaite ó chian is ó chóngar i gCill Airne amárach agus thar an deireadh seachtaine don fhéile chlúiteach a bunaíodh in 1897.

Cé go mbíonn an tuafás imeachtaí iontach ar siúl ann, tá cuimhne ghlinn amháin a'am ar eachtra ar leith a tharla ag an bhféile.

Nearr blanta ó shin, reáchtáladh an tOireachtas i City West, óstán mór milteach atá lonnaithe ar champas

gnó in iar-dheisceart Chontae Átha Cliath. Is ceantar aisteach é i ndáiríre - áit a gcasann sean-cheantair thuaithe le bruachbhailte nuathógtha.

Bhí codarsnacht áirithe le n-aireachtáil idir an cultúr agus stair a bhaineann le féile an Oireachtais agus an easpa oidhreachtas agus anama a bhaineann leis an logainm gránna "City West".

Ar aon chuma, bhí mé féin ag freastal ar an ollscoil ag an am agus nuair a chinn mé freastal ar imeachtaí na

féile oíche Dé Sathairn thug mé faoi deara nach raibh léine ghlan ar bith a'am!

Bhí mé óg agus amaideach agus chaith mé léine bhán isteach sa meaisín níocháin go sciobtha. Chomh luath is a bhí sé glanta, ghlac mé leis gur dea-smaoineamh a bhí ann léine fhluch a tharraingt thar mo cheann agus mé ag freastal ar imeacht ag tús an gheimhridh. (Caithfidh go raibh mé ró-ghafa leis an gceol binn agus na piontaí breátha a bhí i ndán dom).

Ní raibh léine fhluch chun bac a chur orm freastal ar an Oireachtas agus rinne mé mo bhealach ar an Luas ó champas Choláiste na Tríonóide go City West.

Mar is gnáth, bhí oíche den chéad scoth a'am - ró-mhaith b'fhéidir. Bhí mé chomh gafa leis an spraoi agus an spleodar nár thug mé faoi deara go raibh an bus deireanach go lár na cathrach imithe. A Thiarcais!



Béar Grylls ag
Oireachtas na
Samhna

(Scríobh mé cheana sa gcolún seo faoin PTSD a d'fhág bus an 424 i gConamara orm, ach faraor géar tá nearr busannaí eile a d'fhág tráma ar leith orm.)

Ar ndóigh, ag an tráth sin den oíche ní raibh Luas ar bith ag tiocht agus chaith mé an méid sin ama ag clabaireacht go raibh na tacsaithe ar fad imithe ón gceantar iargúlta ar imeall na príomhchathrach.

Fágtha i mo staic a bhí mé taobh amuigh den óstán, ar crith leis an bhfuacht de bharr go raibh léine fhluch a chaitheamh a'am.

Ní dóigh liom gur chóir dom cur síos a dhéanamh ar an méid a bhí orm a dhéanamh le maireachtáil - ach déarfainn gur fhoghlaim mé cén chaoi le bheith i mo 'Bhéar Grylls' an oíche sin.

Nuair a d'éirigh liom

mo bhealach a dhéanamh ar ais go lár na cathrach an mhaidin dár gcionn chaith mé coicís sa leaba ag fulaingt ón tinneas uafásach a bhí orm.

Ní féidir tada eile a rá faoi ach gur b'fhiú go mór an praghas sin a íocadh le taitneamh a bhaint as spleodar an Oireachtais. Hup screathacha!

Tithíocht Ghaeltachta á chíoradh ag an Oireachtas



Craolfar An tSeachtain le Máirín Ní Ghadhra beo ó Oireachtas na Samhna maidin Shathairn ag 11.00r.n. mar chuid de Sheimineár an Oireachtais, arna eagrú ag Conradh na Gaeilge.

Sa seimineár 'Gael-tacht gan Tithe - Gael-tacht gan Todhchaí?', le Dónal Ó Grádaigh, Cathaoirleach Chom-

harchumann Ráth Chairn sa chathaoir, pléifear tithíocht sa Ghaeltacht agus an riocht a bhfuil an Ghaeltacht chéanna 100 bliain tar éis foilsíú Thuarascáil Choimisiúin na Gaeltachta i 1926.

I measc na n-aíonna beidh an Dr. John Walsh ó Ollscoil na hÉireann Gaillimh, a bhfuil leabhar foilsithe aige le

gairid faoi thuarascáil an choimisiúin; John Prendergast bainisteoir abhcóideachta Chonradh na Gaeilge, agus ceannasaí na heagraíochta Tinteán, a bhfuil camchúairt déanta aige ar fud na tíre ag plé na tithíochta le roinnt seachtainí anuas; agus Cristín De Mórdha, oifigeach pleanála sa Daingean.

Sárscríbhneoir Fearghas Mac Lochlainn ar shlí na fírinne

Tá muintir na Gaeltachta faoi scáth an bhróin ó tháinig an scéal go bhfuil an scríbhneoir, múinteoir, cumadóir, file, amhránaí, agus drámadóir Fearghas Mac Lochlainn imithe ar shlí na fírinne.

Bhásaigh Fearghas gan choinne ar an Luan, an 26 Deireadh Fómhair. Rugadh é i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1961. Chaith sé blianta ag múineadh agus bhí sé ina phríomhoide ar Scoil Sailearna in Indreabhán go dtí 2019.

Bhí suim mhór ag Fearghas na aos óg agus bhí tionchar ollmhór aige daltaí óga a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gcomórtais Oireachtas



na Samhna. Chreid sé gur bhealach maith a bhí san amhránaíocht agus sa drámaíocht chun muinín agus grá don chultúr dúchasach a chothú iontu.

Bhí Fearghas antugtha don scríbh-

neoireacht agus chum sé amhráin, lúibíní, agallaimh bheirte agus leabhair do pháistí. Le ceathracha bliain anuas, bhíodh Fearghas le feiceáil go minic ar stáitse ag Oireachtas na Samhna

agus é ag dul i bhfeidhm ar an lucht féachana leis an bhfoclaíocht bhinn, chliste, ghreannmhara a bhíodh le fáil ina shaothair nuachumtha.

Beidh Fearghas á thórramh sa mbaile ina theach cónaithe i Radharc na Rún sa Spidéal (H91 N8P3) inniu ó 3.00 i.n go dtí 7.00 i.n. Ní bheidh aon tórramh sa teach maidin Dé hAoine.

Léifear Aifreann na Sochraide i gCill Éinde sa Spidéal ag 12:00 i.n. ar an Aoine, 30 Deireadh Fómhair. Cuirfear i Reilig an Chloigh tar éis an Aifrinn é.

Maireann a bhean chéile, Bríd, agus a iníon, Anna, ina dhiaidh.

'An Taibhse' le feiceáil i Maigh Cuilinn

Taispeánfar An Taibhse, an chéad scannán uafáis Ghaeilge, ag ócáid a bheidh ar siúl i dTeach na Gaeilge i Maigh Cuilinn tráthnóna inniu.

Léirithe ag Jackpot

Films, ba é Jim Sheridan, fear a ainmníodh do Ghradam Oskar sé huaire, a bhí mar stiúrthóir feidhmiúcháin ar An Taibhse.

Cuirfear tús leis an ócáid ag 8.00i.n. agus maireann an scannán ar

feadh uair go leith agus tá fotheideal Béarla leis freisin. Tá ticéid ar fáil ar Eventbrite agus beidh seisiún plé le foireann Jackpot Films i ndiaidh an scannáin.





'Creidim go bhfuil an-chuid freagraí ionainn féin'

Théis a d'fhág Laura Martyn na Gardaí bhunaigh sí a gnó féin ag dearadh mataí ióga

Bill Breathnach

Sílím go bhfuil an t-ádh dearg orm a bheith i mo chónaí i gConamara Theas, áit a bhfuil an-chuid daoine cruthaitheacha. Faighim inspioráid ó go leor daoine timpeall orm, agus is iontach an rud é a bheith i dteagmháil le daoine eile atá i mbun gnó. Tugaimid tacaíocht dá chéile ar fad, fiú má táimid ag obair i réimsí atá beagán difriúil óna chéile."

Labhraíonn Laura Martyn faoi Dara Mats - gnó a bhunaigh sí mar gur theastaigh uaihi mataí ióga (yoga) ar ardchaighdeán a chruthú a bhí marthanach agus nach ndearna dochar don timpeallacht.

Tagann an t-ainm 'Dara' ón bhfocal 'dair' - crann atá láidir, fréamhaithe, buan - agus tá fonn ar Laura na gnéithe seo a chur in iúl ina cuid mataí.

Baineann na mataí iad féin úsáid as rubar nádúrtha ó chrainn agus is féidir iad a ghlanadh sa meaisín níos éasca. Ar ndóigh, tar éis blianta a chaitheamh mar mhúinteoir ióga, bhí Laura tiomanta an "mata foirfe" a chruthú agus dearann sí chuile ceann í féin ag baint úsáide as radharcanna sciámhacha Éireannacha nó siombalachas spioradálta.

"Thosaigh mé ag cleachtadh ióga níos mó ná deich mbliana ó shin, agus rinne mé oiliúint mar mhúinteoir sé bliana ó shin. Anois, táim lánaimseartha i mo

mhúinteoir ióga, oibrím le teiripí fuinnimh freisin," a deir Laura.

"Dearaim féin chuile mhata, agus is íomhánna iad uilig a spreagann mé, bíodh siad ina dtírdhreacha Éireannacha nó ina ndearaí spioradálta. Ba mhaith liom teachtaireacht na foláine a scaipeadh i bhfad agus i gcéin."

An saol mar Gharda

Áfach, bheadh ionadh ar dhaoine nach bhfuil aithne acub ar Laura a chloisteáil gur chaith sí seal ag obair mar Gharda i Leitir Móir sular bhunaigh sí a gnó.

Ach in ainneoin na co-darsnachta a bhaineann leis an ióga agus an strus a bhaineann le post mar Gharda, síleann Laura go raibh an bun-chuspóir céanna aici ina seanphost agus ina ról nua.

"Ní dheachaigh mé isteach sna Gardaí de bharr gur post buan é le pinsean. Chuaigh mé isteach mar theastaigh uaim difríocht a dhéanamh agus cabhrú le daoine," a mhíníonn Laura.

"Feiceann tú an taobh cruai den saol - taobh nach bhfeiceann go leor daoine riamh. Bhí mé

ag obair i bpobal iontach i gConamara. Airím uaim bualadh le daoine éagsúla gach lá - idir óg agus aosta - agus iarracht a dhéanamh cabhrú leo."

Tháinig díomá ar Laura áfach agus í ag obair leis an nGarda Síochána mar chreid sí nach raibh bainistíocht an fhórsa ag freastal ar an bpobal i gceart.

"Ní hé an post a d'fhág mé, ach an eagraíocht. Bhí sí deacair, go háirithe mar gheall ar dhrochcheannaireacht," a deir sí.

"Ní raibh mé chun fa-nacht i bpost nach raibh ag cur riachtanais an phobail san áireamh - rud a bhí mé ag tabhairt faoi deara de réir a chéile."

"Ó d'fhág mé, tá go leor Gardaí tar éis teagmháil a dhéanamh liom atá ag streachailt i ndáiríre agus atá míshásta sa phost."

Na dúshláin a bhaineann le féin-fhostaíocht

Tá Laura ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin nua anois agus í ag obair mar bhean ghnó neamhspleách.

"Ní bhíonn a fhios agat i ndáiríre an mbeidh aon

airgead á thuilleamh agat ó sheachtain go seachtain. Ach caithfidh tú dul sa seans agus creidim go láidir sa mhéid atá a dhéanamh agam," a deir sí.

"Cé go bhfuil níos mó saoirse agam i mo phost nua, ní bhíonn tú in ann éirí as an obair i gceart riamh ach oiread. Sin an

sé seo léi a paisean a choinneáil beo.

"Feicim daoine áirithe i saol an ghnó atá ag géilleadh ar a gcuid luachanna féin. Thosaigh siad amach le cuspóir faoi leith, ach rinne siad dearmad ar an gcuspóir sin. Feicim go bhfuil sé ag cur isteach orthu, fiú má tá ag éirí

"Seans go gcuirfidh daoine áit in áirithe mar go gceapann siad gur deis é lá a chaitheamh amuigh le cara nó le duine den teaghlach, nó fiú lá a chaitheamh leo féin. Ach ansin baineann siad an-tairbhe as agus tuigeann siad nach raibh aon am á chur acu ar leataobh dóibh féin," a mhíníonn Laura.

"Is duine an-spioradálta mé. Fuair mé amach - de réir an méid oibre a bhí a dhéanamh agam orm féin - go raibh mé in ann léargas a fháil ar rudaí."

"Creidim go bhfuil an-chuid freagraí ionainn féin, ach nach gcuirimid an t-am ar leataobh chun éisteacht leo. Bíonn an saol chomh gnóthach sin nach mbíonn an deis againn tiúnáil isteach."

Mar fhocal scoir, molann Laura do dhaoine a mbealach féin a aimsiú - bíodh sé sin le ióga nó modh eile - le machnamh a dhéanamh agus suaimhneas a fháil.

"Caithfidh tú dul sa tóir air agus iarracht a dhéanamh teacht ar an rud a oireann duit féin. Níl sé éasca i gcónaí fíos a bheith agat cén chaoi le tosú," a deir sí.



rud is deacra domsa."

"Caithfidh tú am a chur ar leataobh duit féin d'aon ghnó. Bíonn lá nó cúpla uair an chloig agam a thógaim dom féin, mar mura ndéanfainn é sin, bheinn cloíte. Bhí a fhios agam é sin ón tús mar fuair mé comhairle mhaith ó dhaoine a raibh an t-idiú sin orthu cheana."

Tá sé tábhachtach freisin do Laura go bhfanann sí dílis don aidhm a bhí aici nuair a bhunaigh sí a gnó agus cuidíonn

go maith lena dtáirge. Ní dóigh liom gur slí mhairreachála inbhuanaithe í sin domsa," a deir sí.

An tábhacht a bhaineann le féin-chúram

Mar aon leis na mataí a dhearann sí, eagraíonn Laura cúrsaí ióga agus síleann sí go bhfuil an saol théis éirí chomh gnóthach, nach dtuigeann daoine cé chomh gafa is a bhíonn siad go dtí go dtí go ndéanann siad iarracht a scithe a ligean.

TG4 ag ceiliúradh 30 bliain ar an aer

Peadar Mac Fhlannchadha

Is ar Oíche Shamhna 1996, agus Oireachtas na Samhna ar siúl i nGaith Dobhair, a tháinig TG4 ar an saol agus beidh an stáisiún i mbun ceiliúrtha speisialta le linn Oireachtas na Samhna 2026 i gCill Airne, agus TG4 ag comóradh 30 bliain ar an aer.

Ag labhairt faoin gceiliúradh, dúirt Ard-Stiúrthóir TG4, Deirdre Ní Choistín, "Níl áit ar bith níos oiriúnaí ná Oireachtas na Samhna chun breithlá TG4 a cheiliúradh, i measc phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge. Táimid ag ceiliúradh na rudai is tábhachtaí a bhaineann le TG4, is iad sin ár gcruithaitheacht, ár dteanga, ár gcultúr agus ár bpobal, pé áit a bhfuil siad."

Beidh craoltaí beo, comórtais, seoltaí agus imeachtaí cultúrtha ar



siúl go dtí Dé Domhnach, an 1 Samhain, agus clúdach cuimsitheach á chur ar fáil ar TG4, TG4+ agus ardáin dhigiteacha an stáisiúin.

Dé Sathairn, an 31 Deireadh Fómhair, seolfar TG4+, leagan nua athdheartha de Sheinnteoir TG4, a chuirfidh eispéreas feabhsaithe ar fáil don lucht féachana sa bhaile agus thar lear.

Mar chuid den cheiliúradh seolfar an dara sraith den choirdhráma

CRÁ, craolfar eagrán speisialta de 7LÁ ó Chomhdháil an Oireachtais tráthnóna inniu ag 7.30i.n., le Máirín Ní Ghadhra i mbun an chlár.

Dé hAoine, cuirfidh Eimear Ní Chonaola Nuacht TG4 i láthair beo ó Chill Airne ag 7.00i.n., agus beidh comórtais amhránaíochta agus agallaimh bheirte ar fáil ar líne.

Beidh an comórtas damhsa ar an sean nós, STEIP Beo, ar TG4 ag

1.00i.n. Dé Sathairn, sula gcrálfar Corn Uí Riada, príomhchomórtas amhránaíochta ar an sean-nós, ag 7.15i.n. Beidh Cóisir na Samhna ag Cúla4 ar siúl freisin, le cluichí, ceol agus scéalaíocht do theaghlaigh.

Críochnóidh an clúdach Dé Domhnach le Braon ón mBarr – Oireachtas 2026 ag 7.30i.n., clár speisialta ina dtabharfar súil siar ar bhuaicphointí agus ar bhuaiteoirí na féile.

Oireachtas na Samhna i gCill Airne



Beidh na mílte ó Chonamara agus Gaillimh ag tabhairt aghaidhe ó dheas go Cill Airne an deireadh seachtaine seo romhainn, áit a bhfuil Oireachtas na Samhna faoi lán seol.

Beidh neart de na himeachtaí le cloisteáil ar Raidió na Gaeltachta agus le feiceáil ar TG4 dóibh siúd nach bhfuil in ann taisteal chun na

féile.

Oíche anocht, craolfar an comórtas Sean-Nós na mBan beo ar Raidió na Gaeltachta, ar www.tg4.ie agus ar www.antoireachtas.ie, ag tosú ag 7.00i.n.

Tráthnóna Dé hAoine craolfar an comórtas Sean-Nós na bhFear ar na hardáin céanna ag 7.00i.n. freisin.

Is ar an Satharn atá

péire de bhuaicphointí an Oireachtais ar siúl, an Comórtas Damhsa ar an Sean-Nós, comórtas a bheidh á chraoladh beo ar TG4, agus Corn Uí Riada, á chur i láthair ag Neansaí Ní Choisdealbha, ar Raidió na Gaeltachta ag 7.15i.n. agus ar líne.

Leanfar le Féile an Oireachtais go dtí an Domhnach 1 Samhain.

Leabhair Ghaeilge i lár an aonaigh ag na Gradaim Leabhar na hÉireann



Úna Nic Cárthaigh



GRADAM LOVE LEABHAR GAEILGE
LEABHAR FICISIN GAEILGE NA BLIANA
GEARRLIOSTA 2026

Níor chuir an foláireamh aimsire ó Stoirm Austen bac ar scríbhneoirí, foilsitheoirí, craoltóirí agus maisitheoirí na tíre an Déardaoin seo caite, 22 Deireadh Fómhair, agus iad ag cruinniú in Ard-Oifig an Phoist le fáil amach cé a bheadh ainmnithe do na Gradaim Leabhar An Post i mbliana.

Bhailigh idir seanchairde agus cairde nua ón domhan liteartha san fhorhalla, iad ag ól gloine fíona, ag glacadh

féiníní le chéile, ag tabhairt barróga móra ceiliúradh agus ag déanamh comhghairdis nuair a d'fhoghlaim siad cé a bhí ainmnithe ar na gearrliostaí sna 19 catagóir.

Agus na gradaim ag teacht in inmhe ag ceiliúradh 21 bliain ar an bhfód, tá an Gradam Leabhar Ficsin Gaeilge na Bliana, urraithe ag Love Leabhar Gaeilge le Foras na Gaeilge, anois ina naoú bliain.

I mbliana, tá cúig leabhar ainmnithe don

ghradam seo: Faraor GEAR nár Cailleadh Mé le Mícheál Ó Conghaile (Cló Iar-Chonnacht), **Rúnaí an Aire** le Brian Ó Tiomáin (Cló Iar-Chonnacht), **Eoghan Béal** le Darach Ó Scoláir (Leabhar Breac), **An Cláirseoir** le Diarmuid Johnson (Leabhar Breac) agus **SÍ** le Seán Ó Muireagáin (Eabhlóid).

Tugann na leabhair seo timpeall na tíre muid, ón Trá Bán i gConamara go Sligeach agus Baile Átha Cliath,

chuig Cúige Laighean i 1169 agus ceantar tuaithe ar imeall an Atlantaigh. Ní hamháin go dtugann siad ar aistear tíre muid, ach tugann siad ar aistear intinne muid ag fiosrú cumha i ndiaidh an bháis, an t-uaigneas san ionad oibre, cúrsaí staire ár linne agus éanacha scoite sa phobal.

Dúirt Darach Ó Scoláir ó Leabhar Breac i gCois Fharraige go bhfuil sé "i mbarr an tsaoil" agus dhá leabhar de chuid an fhoilsitheora ar an ngear-

riosta. Leabhar a scríobh Darach é féin - *Eoghan Béal* - faoi Rí Chonnacht "nach raibh sásta géilleadh don bhás", agus leabhar Dhiarmuid Johnson - *An Cláirseoir* - a insíonn scéal na nGael, na Normannach agus na mBreatain i 1169.

Dúirt Darach go gcahraíonn an t-aitheantas a thagann le hainmniúcháin mar gur "maith le chuide scríbhneoir go léif an leabhar" agus bhí an t-údar Mícheál Ó Conghaile ar aon fhocal leis ag rá, "diríonn sé aird ar leabhar agus cuireann níos mó daoine suim ann".

Agus é ag caint faoina leabhar *Faraor GEAR nár Cailleadh Mé*, dúirt Mícheál go gcuirfidh muintir Chonamara suim faoi leith ina leabhar, athchruthú samhlaíoch faoi Bhríd Ní Mháille ón amhrán clúiteach Amhrán na Trá Báine.

Ó Shráid an Mhargaidh sa Ghailimh chuig Sráid Uí Chonaill i mBaile Átha Cliath don scríbhneoir Patricia Forde agus go

LOVE
LEABHAR
GAEILGE



Foras na Gaeilge

leor ábhar ceiliúrtha aici. Tá éacht faoi leith bainte amach aici agus a pictiúrleabhar An Peata Is Fearr (Futa Fata) ar an ngearrliosta do Leabhar na Bliana do Pháistí (Sóisear) – níl seo ach an dara huair go bhfuil leabhar Gaeilge ar an ngearrliosta seo.

Ní hamháin sin, ach tá sí ag dul in iomaíocht léi féin agus leabhar eile dá cuid ar an ngearrliosta céanna Letters to a Giant (Bloomsbury). Labhair mé le Patricia ar an oíche agus dúirt sí, "Tá mé an-bhródúil agus an-sásta, leis na blianta bhí mé ag rá gur cheart dúinn a bheith i gcomórtas le leabhair i mBéarla – níl aon fhaitíos orainn roimhe sin – agus ceapaim gur maith an rud é go

mbeadh muid ar fad istigh le chéile."

Phillip Cullen a mhaisigh an leabhar spráíú seo ina dtugann an tOllamh Seán Mac Amadáin comhairle do pháistí faoin bpeata is fearr. Uaireanta ní bhíonn a bhreithiúnas díreach ceart nó cruinn agus tá súil againn go mbeidh níos mó céille ag léitheoirí na tíre agus iad ag vótáil do na gradaim seo!

Is féidir leis an bpobal a vóta a chaitheamh ar na gradaim roimh an 13ú Samhain. Fógrófar na buaiteoirí ar an 1ú Nollaig agus craolfar an clár teilifíse ar an 10 Nollaig. Tá tuilleadh eolais ar loveleabhargaeilge.ie agus irishbookawards.ie.

